DO DHEASÚN

Guth ag glaoch san fhásach
ar an taobh eile den tSionainn!
Guth dúchais é, guth a thuigim,
ach cé ghéillfidh dó?

Is ionann a fhriotal
agus friotal an chine:
is ionann a aisling
agus aisling na Romani,
a tháinig go hÁrainn.
Ach tá na céadta blian,
agus na glúnta máthar,
idir sinn agus iad.

Ba é liodán na máthar
ina hainnise is ina bráca:
'Soir leat a gharlaigh,
fág an Ghaeilge ag na faoileáin!
Soir leat ón mbualtrach
go sráide na cathrach
go só agus teaspach.
Nil ach ceachaireacht thiar!'

Anois deir linn Deasún:
'Tá siol nua le scaipeadh
sa bhranar ba theolai
gur sheascaigh an deoraiocht
ó anam fhear Fódhla.

Tá caiseal le tógáil!
Tá teallaigh le cóiriú!
Tá anam le beoú!
Tá riocht nua le gnóthú!

Pádraig Ó Fiannachta.

Inniu 28 Márta.